CINNEADH (AE) 2023/1540 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Iúil 2023

lena leasaítear agus lena gceartaítear Cinneadh (AE) 2021/1870 lena mbunaítear critéir Éicilipéad an AE maidir le táirgí cosmaideacha agus táirgí cúraim ainmhithe

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 4845)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle le Bord an Aontais Eorpaigh um Éicilipéadú,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2021/1870 ón gCoimisiún ([2]), bunaíodh critéir Éicilipéad AE agus ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú le haghaidh na ngrúpaí táirgí 'táirgí cosmaideacha' agus 'táirgí cúraim ainmhithe'.

(2) Chuir páirtithe leasmhara tionscail agus comhaltaí Bhord an Aontais Eorpaigh um Éicilipéadú in iúl go bhféadfaí roinnt forálacha de Chinneadh (AE) 2021/1870 a léirmhíniú ar bhealaí éagsúla, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le neamhréireachtaí i gcur chun feidhme praiticiúil an Chinnidh sin. Chun cur i bhfeidhm neamhréireach den sórt sin a sheachaint, agus chun soiléireacht dhlíthiúil agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, is gá foráil a dhéanamh maidir le foclaíocht níos soiléire sna forálacha sin.

(3) Sa sainmhíniú ar 'cion gníomhach' sa roinn creata d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1870, tá botún ar cheart é a cheartú chun a shoiléiriú gurb iad na hoibreáin chuimilte orgánacha/oibreáin scríobacha orgánacha nach bhfuil le háireamh i ríomh cion gníomhach an táirge chosmaidigh nó na dtáirgí cúraim ainmhithe. Go deimhin, substaintí neamhorgánacha, lena n-áirítear oibreáin chuimilte orgánacha/oibreáin scríobacha orgánacha, déantar iad a eisiamh, de réir sainmhínithe.

(4) Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm i gceart fo-chritéar 4(a)(iii) in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1870- i.e. díolúine na gcomhdhúl since a aicmítear mar H410 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), in ungadh/uachtar since, fo-chritéar 4(a)(i), ba cheart í a cheartú chun a shonrú nach gá do shubstaintí atá díolmhaithe i bhfo-chritéar 4(a)(iii) na ceanglais a leagtar amach i bhfo-chritéar 4(a)(i) a chomhlíonadh.

(5) Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm i gceart fo-chritéar 4(b) in Iarscríbhinn I agus fo-chritéar 3(b) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1870, ba cheart na fo-chritéir sin a cheartú chun a shonrú gur féidir na substaintí a liostaítear sna fo-chritéir a bheith sa táirge deiridh má tá siad ann i bhfoirm eisíontas. Tá gá leis sin chun go mbeidh na ceanglais comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a thuairiscítear i dTábla 1 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1870 agus i dTábla 1 in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin a mhéid a bhaineann leis na fo-chritéir sin.

([1]) IO L 27, 30.1.2010, lch. 1.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/1870 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear critéir Éicilipéad an AE maidir le táirgí cosmaideacha agus táirgí cúraim ainmhithe (IO L 379, 26.10.2021, lch. 8).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

(6) Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm i gceart fo-chritéar 4(c) in Iarscríbhinn I agus fo-chritéar 3(c) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1870, ba cheart fonóta 12 in Iarscríbhinn I agus fonóta 10 in Iarscríbhinn II a cheartú chun an nasc ceart ba cheart d'iarratasóirí Éicilipéad an AE a úsáid a leagan amach go soiléir.

(7) Chun soiléiriú a dhéanamh ar léirmhíniú na habairte tosaigh de chritéar 5 in Iarscríbhinn I agus de chritéar 4 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1870, ba cheart an abairt tosaigh sin a cheartú chun a leagan amach gur do tháirgí leachtacha amháin is gá an ceanglas maidir le híosmhéid na pacáistíochta a cheadaítear a chomhlíonadh, mar a mholann an t-aonad san abairt sin cheana féin.

(8) D'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm i gceart fo-chritéir 5(d) in Iarscríbhinn I agus fo-critéar 4(d) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1870, i gcomhréir úrscothacht na dteicneolaíochtaí athchúrsálaleis na teicneolaíochtaí athchúrsála úrscotha ([4]) agus leis an bplé a rinneadh le páirtithe leasmhara le linn phróiseas athbhreithnithe ([5]) chritéir Éicilipéad an AE, ba cheart Tábla 8 in Iarscríbhinn I agus Tábla 7 in Iarscríbhinn II a leasú chun a shonrú go gceadaítear lipéid pholapróipiléine (PP) agus cumhdaigh pololaifíní a úsáidtear i bpacáistíocht PP agus i lipéid phoileitiléine (PE) agus cumhdaigh PE a úsáidtear i bpacáistíocht poileitiléine ard-dlúis i dtáirgí Éicilipéad an AE.

(9) Chun a áirithiú go ndéanfar fíorú ceart ar chritéar 3 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1870, ba cheart an roinn den chritéar sin maidir le measúnú agus fíorú a cheartú chun a áirithiú go gcuirfidh iarratasóirí ar Éicilipéad an AE Bileog Sonraí Sábháilteachta (BSS) an táirge deiridh, chomh maith le SDSanna aon substainte agus meascáin sa táirge deiridh, go gcuirfidh siad isteach iad chun comhlíonadh an chritéir sin a chruthú.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) 2021/1870 a leasú agus a cheartú dá réir. Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 66/2010.

(11) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart dáta soiléir chur i bhfeidhm an Chinnidh seo a shonrú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear agus ceartaítear Cinneadh (AE) 2021/1870 mar a leanas:

Leasaítear agus ceartaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

Leasaítear agus ceartaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Airteagal 3

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 26 Iúil 2023.

([4]) https://recyclass.eu/guidelines/natural-pe-hd-containers-and-tubes/
https://recyclass.eu/guidelines/natural-pp-containers-and-tubes/

([5]) féach Faraca, G., Vidal Abarca Garrido, C., Kaps, R.B., Fernandez Carretero, A. agus Wolf, O., Revision of EU Ecolabel Criteria for Cosmetic Products and Animal Care Products (Rinse-off Cosmetic Products roimhe seo), EUR 30724 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021, ISBN 978-92-76-38088-7 (ar líne), doi:10.2760/014175 (ar líne), JRC125388.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear agus ceartaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1870 mar a leanas:

(1) sa roinn creata, cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs shainmhíniú 1:

'1) ciallaíonn 'cion gníomhach' (AC) suim na substaintí orgánacha isteach sa táirge, arna shloinneadh i ngraim, arna ríomh ar bhonn fhoirmliú iomlán an táirge deiridh, ach gan cion uisce na gcomhábhar agus na hoibreáin chuimilte orgánacha/oibreáin scríobacha orgánacha;';

(2) ceartaítear critéar 4, 'Substaintí eisiata agus srianta' mar a leanas:

(a) i bpointe 4(a)(i), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Mura sonraítear a mhalairt i dTábla 5, nó mura ndíolmhaítear iad i bpointe (4)(a)(iii), ní bheidh substaintí sa táirge ag an tiúchan 0,0100 % de réir meáchain nó os a chionn i gcás táirgí insruthlaithe agus 0,0010 % meáchan de réir meáchain i gcás cosmaidí neamh-insruthlaithe a chomhlíonann critéir aicmithe na n-aicmí guaise, na gcatagóirí agus na gcód don ráiteas guaise a liostaítear i dTábla 4, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.';

(b) sa chéad mhír de phointe (4)(b), scriostar na focail ', ná mar eisíontais';

(c) sa Roinn 'Measúnú agus Fíorú', cuirtear an méid seo a leanas in ionad ábhar fhonóta 12:

'https://www.echa.europa.eu/candidate-list-table';

(3) leasaítear agus ceartaítear critéar 5, 'Pacáistíocht' mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Is é 150 ml an toirt íosta chun táirge leachtach insruthlaithe seachas taos fiacla a dheimhniú.';

(b) i dTábla 8, an dara sraith, an dara colún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú fleiscín:

'— Aon ábhar plaisteach eile le haghaidh cumhdaigh/lipéid ina bhfuil < 1 g/cm^3 a úsáidtear le pacáistíocht PP nó PEAD (seachas lipéid PP agus cumhdaigh pololaifíní a úsáidtear i gcomhar le pacáistíocht PP nó i lipéid PE agus cumhdaigh PE a úsáidtear i gcomhar le pacáistíocht PEAD)'.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear agus ceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1870 mar a leanas:

(1) sa roinn creata, cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs shainmhíniú 1:

'1) ciallaíonn 'cion gníomhach' (AC) suim na substaintí orgánacha isteach sa táirge, arna shloinneadh i ngraim, arna ríomh ar bhonn fhoirmliú iomlán an táirge deiridh, ach gan cion uisce na gcomhábhar agus na hoibreáin chuimilte orgánacha/oibreáin scríobacha orgánacha;';

(2) ceartaítear critéar 3, Substaintí eisiata agus srianta, mar a leanas:

(a) ceartaítear pointe 3(b), an chéad mhír, mar a leanas:

(i) sa chéad abairt, scriostar na focail ', ná mar eisíontais';

(ii) sa dara habairt, scriostar na focail ', ná mar eisíontais';

(b) ceartaítear an roinn 'Measúnú agus Fíorú' mar a leanas:

(i) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) BSS an táirge deiridh agus aon substainte/meascáin agus a thiúchan sa táirge deiridh';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ábhair i bhfonóta 10:

'https://www.echa.europa.eu/candidate-list-table';

(3) leasaítear agus ceartaítear critéar 4, 'Pacáistíocht' mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Is é 150 ml an toirt íosta chun táirge cúraim ainmhithe leachtach a dheimhniú.';

(b) i dTábla 7, an dara sraith, an dara colún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú fleiscín:

'— Aon ábhar plaisteach eile le haghaidh cumhdaigh/lipéid ina bhfuil < 1 g/cm^3 a úsáidtear le pacáistíocht PP nó PEAD (seachas lipéid PP agus cumhdaigh pololaifíní a úsáidtear i gcomhar le pacáistíocht PP nó i lipéid PE agus cumhdaigh PE a úsáidtear i gcomhar le pacáistíocht PEAD)'.